# Tuarascáil Chomhairliúcháin ar an dréacht-sonrúchán do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí

NCCA

Meán Fómhair 2015

# Clár


1. An Réamhrá 5

   Ceistneoir Ar Líne 5

   Ócáid chomhairliúcháin 6

   Grúpaí fócais – scoláirí dara leibhéal 7

   Grúpaí fócais – mic léinn OTM 9

   An tuarascáil seo 9

2. Aiseolas ón gcomhairliúchán 10

   Réasúnaíocht agus Aidhm 10

   Struchtúr an chúrsa 12

   Torthaí Foghlama 12

   Snáithe 1: Teanga ó Bhéal: Éisteacht agus Labhairt 13

   Snáithe 2: Léitheoireacht 14

   Snáithe 3: Scríbhneoireacht 14

   Suirbhé ar líne 15

   Raon an tsonrúcháin 16

   An cur chuige i leith téacsanna a leagan síos 18

   Measúnú 20

   Gearrchúrsa 22

   Réimse na nInniúlachtaí Teanga 23

   Oideolaíocht, Foghlaim agus Teagasc 23

   Cur Chuige i leith Foghlama agus Teagaisc 24

   Tacaíochtaí agus acmhainní nuálacha 24

   Forbairt Ghairmiúil Leanúnach 25

   Measúnú 25

3. Impleachtaí an chomhairliúcháin 26

Conclúid 27

Aguisín 1 28

Aguisín 2 41

Aighneachtaí scríofa 41

Aguisín 3 42

Liosta de na heagraíochtaí/forais a ndearnadh ionadaíocht orthu ag an Ócáid Chomhairliúcháin 42

Aguisín 4 43

Ceisteanna don ghrúpa fócais 43

# 1. An Réamhrá

D'fhaomh an Chomhairle an dréacht-sonrúchán don Ghaeilge i gcomhair comhairliúcháin i mí Feabhra 2015. Seoladh an próiseas comhairliúcháin i mí an Mhárta agus lean an próiseas ar aghaidh go dtí mí na Bealtaine 2015. Lorgaíodh aiseolas ó pháirtithe leasmhara an oideachais agus na Gaeilge mar aon leis an bpobal i gcoitinne ar bhealaí éagsúla tríd an bpróiseas, mar a bhí:

- ceistneoir ar líne
- ócáid chomhairliúcháin
- grúpaí fócais le scoláirí dara leibhéal
- grúpaí fócais le mic léinn (tríú leibhéal) OTM (Oideachas Tosaigh Múinteoirí)
- aighneachtaí scríofa.

Seoladh an próiseas comhairliúcháin an 12 Márta 2015 le hócáid chomhairliúcháin i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. D'oscail an suirbhé ar líne an 16 Márta 2015 agus bhí sé ar fáil go dtí an 1 Bealtaine 2015. Éascaíodh grúpaí fócais le scoláirí dara leibhéal agus ábhair oide atá ag gabháil do chúrsaí *Máistir Gairmiúil san Oideachas* (MGO) ó chomhthéacsanna éagsúla Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM). Ba é aidhm an phróisis dearcthaí a fháil ó réimse leathan páirtithe leasmhara ar an dréacht-sonrúchán. Ní mór aird a tharraingt ar an timpeallacht caidrimh thionsclaíoch a bhí i bhfeidhm le linn thréimhse an chomhairliúcháin agus ar an bplé leanúnach ar fhorbairtí na sraithe sóisearaí.

Baineadh leas as bealaí éagsúla teagmhála chun feasacht agus rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas comhairliúcháin a mhéadú. Foilsíodh fógra faoin bpróiseas comhairliúcháin ar chéad leathanach an dá shuíomh gréasáin *ncca.ie* agus *juniorcycle.ie*. Seoladh iarratais ar ríomhphost chuig comhpháirtithe oideachais Gaeilge. Anuas air sin, baineadh leas as Twitter chun tvuíteanna rialta a sheoladh trí Ghaeilge agus trí Bhéarla, agus rinneadh agallamh leis an gclár Adhmhaidin ar Raidió na Gaeltachta chun tuilleadh airde a tharraingt ar an bpróiseas comhairliúcháin trí chéile.

## Ceistneoir Ar Líne

Ar an iomlán, chomhlánaigh 119 bhfreagróir an suirbhé ar líne (Aguisín 1) agus d'aithin 63% de na freagróirí iad féin mar dhaoine atá ag obair le Gaeilge i gcomhthéacsanna bunscoile, iar-bhunscoile nó tríú leibhéal, le 38% díobh á n-aithint féin go sonrach mar mhúinteoirí iar-bhunscoile Gaeilge. Cuireadh an suirbhé ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla; d'fhreagair 94 fhreagróir an leagan Gaeilge agus d'fhreagair 25 fhreagróir an leagan Béarla. Fuarthas sé aighneacht scríofa freisin (Aguisín 2).

# Ócáid chomhairliúcháin

Seoladh cuirí chuig páirtithe leasmhara an oideachais agus na Gaeilge maidir leis an ócáid chomhairliúcháin. Dáileadh iarratais ar rannpháirtíocht ar fhorais bhainistíochta scoileanna, ar eagraíochtaí Gaeilge, ar an ROS, ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ar COGG, ar oideachasóirí tríú leibhéal bainteach le hOideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) agus ar eagraíochtaí atá ionadaíoch ar mhúinteoirí, ar thuismitheoirí agus ar scoileanna (Aguisín 3). Chuimsigh an clár eochairléacht ón Dr Muiris Ó Laoire agus cuir i láthair gairide ó Chaitríona Ní Cheallaigh, Cumann na bhFiann agus Ionad Óige na hÉireann agus ó Mhícheál Ó Foighil, bainisteoir Choláiste Lurgan. Cuireadh rannpháirtithe i ngrúpaí fócais go randamach agus bhí éascaitheoirí neamhspleácha i bhfeighil na ngrúpaí fócais (Aguisín 4). Ag gach seisiún glacadh leis an aiseolas uile trí nótaí a bhreacadh ar smeach-chairteacha. Bhí fáil ar ateangaireacht chomhuaineach ar an lá, agus anuas air sin éascaíodh grúpa fócais amháin trí mheán an Bhéarla. Cé gur fáiltíodh roimh ghnéithe den dréacht-sonrúchán, agus go raibh go leor tráchtaireacht dhearfach ann maidir le gairmiúlacht an chuir chuige go dtí seo, agus gairmiúlacht an doiciméid féin, ardaíodh roinnt dúshláin agus údair imní. Bhí na téamaí seo i measc na dtéamaí éiritheacha is tábhachtaí ag an imeachta:

- réimse inniúlachtaí teanga/riachtanais sa chóras
- aitheantas do shainriachtanais na gcainteoirí dúchais sa soláthar curaclaim
- an gá trí leibhéal a chur ar fáil chun freastal ar réimse cumais na scoláirí: gnáthleibhéal, ardleibhéal agus leibhéal eile os cionn an ardleibhéil
- moltaí an sonrúchán a mhapáil ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR)
- buarthaí faoin ngearrchúrsa breise roghnach don Ghaeilge
- ról lárnach na teicneolaíochta
- tábhacht na solúbthachta (solúbthacht v sainiúlacht)
- an gá d'ábhair thacaíochta agus treoirlínte sa bhreis
- tábhacht na forbartha gairmiúla leanúnaí
- é a bheith seasmhach i leith na todhchaí –gá le hathbhreithniú rialta ar an sonrúchán agus ar a fheidhmiú.

## Grúpaí fócais – scoláirí dara leibhéal

Aithnítear cearta an scoláire in Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus in Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020, chun glór a bheith acu i bhforbairtí a bhaineann leo. I gcomhar leis an Dr Paula Flynn ó Choláiste na Tríonóide reáchtáladh seisiúin éagsúla chun dul i gcomhairle le scoláirí dara leibhéal faoin dréacht-sonrúchán don Ghaeilge mar chuid den tionscnamh Learner/Student Voice. Tá an CNCM ag tacú leis an Dr Flynn leis an tionscnamh seo agus go dtí seo tá ionchur agus aiseolas faighte ó scoláirí ar réimse forbairtí curaclaim. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo dul i gcomhairle le scoláirí mar shaineolaithe ar a n-eispéiris foghlama féin agus chun a gcuid léargas a chur san áireamh. Féachfar chun glórtha agus léargais na scoláirí a thaifead maidir le forbairtí curaclaim agus féachfar ar na bealaí ar féidir iad sin a úsáid chun cur leis an bpróiseas forbartha. I gcás na Gaeilge, cinneadh léargais agus aiseolas na scoláirí a lorg agus a fháil ar an dréacht-sonrúchán a forbraíodh trí Mheitheal Forbartha na Gaeilge[1]. Eagraíodh cruinnithe le meascán de scoláirí dara leibhéal. Bhí na scoláirí a ghlac páirt sna grúpaí fócais ag staideanna difriúla ar scoil (ón gcéad bhliain go dtí an séú bliain) agus tháinig siad ó chomhthéacsanna scoile éagsúla. Bhí scoileanna na ngrúpaí fócais ionadaíoch ar na comhthéacsanna éagsúla teagaisc atá againn inár scoileanna i gcomhthéacs na Gaeilge – scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear scoileanna Lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta, agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

- scoil A: scoil cailíní i gcathair Bhaile Átha Cliath (a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla)
- scoil B: scoil lán-Ghaeilge in iardheisceart na tíre
- scoil C: scoil Ghaeltachta
- scoil D: scoil mheasctha i gcathair Chorcaí (stádas DEIS) (a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla)2.

Baineadh leas as an gcur chuige céanna don phróiseas comhairliúcháin le gach scoil. Bhí ball den fhoireann taighde i láthair ag gach cruinniú.

Ba é seo a leanas an cur chuige a úsáideadh:

1. Eagraíodh cruinniú tosaigh le gach grúpa leis na haidhmeanna a roinnt agus tuiscint chomónta a chothú maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin agus an téarmaíocht/friotal a bheadh i gceist. Mar thoradh ar an gcéad chruinniú, roghnaíodh téamaí le plé tuilleadh as na gnéithe agus pointí a d’ardaigh na scoláirí féin. Mar a luadh thuas bhí meascán de scoláirí ón tsraith

[1] Thosaigh an próiseas seo leis an dréacht-sonrúchán, níor lorgaíodh aiseolas scoláirí ar an bpáipéar cúlra
[2] Níl na cruinnithe uile i scoileanna C agus D curtha i gcrích ag an bpointe seo

shóisearach agus shinsearach i ngach grúpa fócais. Lorgaíodh aiseolas faoi na gnéithe thíos go sonrach:

- gnéithe den ábhar a thaitin agus nár thaitin leo go ginearálta agus i bhfianaise an dréacht-sonrúcháin nua
- gnéithe den churaclam mar atá a choinneofaí/nach gcoinneofaí dá mbeadh cead a gcinn acu
- aidhmeanna d'fhoghlaim na Gaeilge – céard ba chóir a bheith mar aidhmeanna d'fhoghlaim agus do staidéar na Gaeilge?
- gnéithe a thaitneodh leo tuilleadh díobh a fheiceáil sa churaclam agus a dhéanfadh an t-ábhar níos tarraingtí, níos suimiúla agus níos taitneamhaí dóibh
- na bealaí is éifeachtaí (dar leis na scoláirí) chun cumas scoláire sa Ghaeilge a mheas agus measúnú ar na tascanna measúnaithe a luaitear sa dréacht-sonrúchán.

Mar fhreagairt ar an bplé bunaidh sin, cumadh ceisteanna le feidhmiú mar bhunús do sheisiún plé a dó a bheadh ag na scoláirí, seisiún a chabhródh leo ullmhú don dara cruinniú leis an bhfoireann taighde. (Rinneadh socruithe le gach scoil chun seisiún plé a éascú don ghrúpa scoláirí ar na pointí a d'ardaigh siad roimh an gcruinniú seo.) Thug an dara cruinniú ansin deis do na scoláirí a gcuid smaointe a phlé le chéile ionas go mbeadh ar a gcumas na smaointe is tábhachtaí dóibh a chur i láthair na foirne taighde ag an tríú cruinniú. Ag deireadh an dara cruinniú d'aithin na scoláirí na téamaí/na ceisteanna is tábhachtaí ar gá a chur san áireamh mar chuid den aiseolas ar an dréacht-sonrúchán dar leo. Reáchtáladh an tríú cruinniú (an ceann deiridh) faoi stiúir na scoláirí agus tugadh deis do na scoláirí a dtuairimí agus a ndearcthaí faoin dréacht-sonrúchán a thaifead. Tá na pointí thíos i measc na bpointí is suntasaí a tháinig chun cinn sna grúpaí fócais éagsúla a reáchtáladh go dtí seo:

- cuireadh fáilte dhearfach roimh na tascanna measúnaithe béil; an tasc labhartha agus an comhrá idirghníomhach
- bhí scoláirí an-dearfach faoin mbéim a chuirtear sa dréacht-sonrúchán ar úsáid cineálacha éagsúla téacsanna, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha, sa dréacht-sonrúchán
- bhí go leor scoláirí den tuairim gurbh fhiú an leas is mó is féidir a bhaint as an nua-theicneolaíocht mar áis, mar cheangal agus mar mheán chun tacú le foghlaimeoirí na haidhmeanna agus na torthaí foghlama a bhaint amach.

## Grúpaí fócais –mic léinn OTM

I mí Aibreáin 2015 reáchtáladh grúpa fócais le hábhair oide atá ag gabháil don Ghaeilge mar ábhar agus iad ag tabhairt faoin Máistir Gairmiúil san Oideachas (MGO). Ghlac mic léinn ó Choláiste na Tríonóide (TCD) agus ó Ollscoil Mhá Nuad páirt sna grúpaí fócais. Baineadh leas as na ceisteanna a bhí in úsáid le grúpaí fócais eile anseo freisin agus nótáladh an t-aiseolas ar smeach-chairt.

## An tuarascáil seo

Déanann an tuarascáil seo cur síos ar na téamaí éiritheacha agus ar an aiseolas a tháinig chun solais ón bpróiseas comhairliúcháin trí chéile. Leagtar amach na himpleachtaí i gcomhair na gcéad chéimeanna eile maidir le forbairt agus forfheidhmiú an tsonrúcháin. Tá an tuarascáil bunaithe ar mhion-anailísiú ar dhearcthaí a cuireadh in iúl maidir leis an dréacht-sonrúchán sa suirbhé ar líne, ag an ócáid chomhairliúcháin, ag na grúpaí fócais éagsúla a reáchtáladh agus in aighneachtaí scríofa. Caitear leis an ábhar sa tuarascáil seo i dtéarmaí na dtéamaí a forbraíodh le linn an chomhairliúcháin. Baintear leas as athfhriotal ó fhreagróirí mar is cuí chun soiléiriú nó tacú leis na dearcthaí éagsúla a cuireadh in iúl. 3

[3] Tá leagan Gaeilge agus Béarla den tuarascáil seo ar fáil, baintear leas as bunleagan d'athfhriotal, mar a cuireadh faoinár mbráid é i ngach cás, mar aon le leagan aistrithe taobh leis, mar is gá sna leaganacha éagsúla.

# 2. Aiseolas ón gcomhairliúchán

Go ginearálta, fáiltíodh roimh an dréacht-sonrúchán don Ghaeilge. Bhí leibhéal ard rannpháirtíochta agus spéise ag páirtithe leasmhara éagsúla (lena n-áirítear eagraíochtaí Gaeilge, tuismitheoirí, grúpaí pobail, oideachasóirí) sa phróiseas. Tugadh moladh d'obair na meithle forbartha le dhá bhliain anuas agus cuireadh fáilte roimh ghnéithe áirithe den dréacht-sonrúchán. Bhí go leor tráchtaireacht dhearfach ann maidir le gairmiúlacht an chuir chuige agus an tsonrúcháin féin. Cuireadh fáilte faoi leith roimh an mbéim láidir atá ar an teanga labhartha sa sonrúchán trí chéile. Bhí na scoláirí (dara leibhéal) a ghlac páirt sna grúpaí fócais an-tógtha le fócas an dréacht-sonrúcháin agus leis an gcineál foghlama a chuirtear chun cinn sa dréacht-sonrúchán. Ina ainneoin seo, tháinig ábhar agus údair imní chun solais agus aithníodh dúshláin ar leith ar gá aghaidh a thabhairt orthu; pléitear iad sin níos doimhne anseo thíos.

## Réasúnaíocht agus Aidhm

Ar an iomlán, bhí freagróirí sách dearfach faoin Réasúnaíocht agus faoin Aidhm mar atá leagtha amach sa dréacht-sonrúchán. Chuir 56% de fhreagróirí an tsuirbhé ar líne in iúl go n-aontaíonn siad go dtugann an Réasúnaíocht agus an Aidhm cuntas soiléir ar an méid a theastaíonn ón sonrúchán a bhaint amach. D'aontaigh 61% de na freagróirí go raibh leagan amach an tsonrúcháin soiléir. D'fháiltigh freagróirí roimh an mbéim ar an teanga labhartha, ar mhuinín agus ar mhisneach a chothú i labhairt na teanga agus ar thábhacht an naisc le pobal na Gaeilge. Léirigh formhór na bhfreagróirí ar an suirbhé ar líne go bhféadfadh rannpháirtíocht scoláirí leis an dréacht-sonrúchán a bheith éifeachtach nó an-éifeachtach chun scoláirí

- a spreagadh le braistint taitneamhacha a fhorbairt i leith úsáid na Gaeilge (67%)
- a spreagadh le príomhscileanna a fhorbairt, scileanna litearthachta agus uimhearthachta san áireamh (66%)
- a chumasú le níos mó muiníne agus inniúlachta a fhorbairt i labhairt na teanga (63%)
- a mhealladh chun braistint léirthuisceana a fhorbairt i leith na teanga (69%).

Leagann anailís ar aiseolas rannpháirtithe ag an ócáid chomhairliúcháin béim ar léargais agus ar dhearcthaí ar leith maidir leis an Réasúnaíocht agus an Aidhm. Is léir gur fháiltigh a bhformhór roimh an sonrúchán agus an bhéim atá sa Réasúnaíocht agus san Aidhm trí chéile:

> *an dréacht ag dul sa treo ceart*
>
> *Suirbhé ar líne*

Arís, cuireadh fáilte roimh an bhfócas nó roimh an mbéim a chuirtear ar chothú muiníne agus misnigh, ar fhorbairt na teanga labhartha agus ar thábhacht tuiscint a chothú ar an bpobal teanga agus nascadh leo.

> *tá an teanga sa dréacht spreagúil agus réadúil, níl sé rómánsúil. Tuigtear go mbaineann dúshláin le múineadh na Gaeilge*

Ócáid chomhairliúcháin

Ach moladh gur cheart na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge féin a dhéanamh níos soiléire sa réasúnaíocht:

> *The statements seem quite broad, is the place of Irish at the forefront enough? Should it (Aim and Rationale) be more exact?*
>
> *[Is cosúil go bhfuil na ráitis leathan go maith, an dtugtar tús áite don Ghaeilge mar is ceart? Ar cheart go mbeadh sé [Réasúnaíocht agus Aidhm] níos beaichte?]*

Ócáid chomhairliúcháin

> *Tá an Réasúnaíocht cuimsitheach agus dearfach agus leagann sí amach go hachomair áit na Gaeilge in Éirinn. Leagann sí amach fosta go héifeachtach na buntáistí a bhaineann le foghlaim teangacha. Dar linn gur cuidiú mór a bheadh ann béim níos mó a bheith curtha ar na buntáistí a bhaineann le bheith ag foghlaim Gaeilge seachas teangacha go ginearálta, ar bhealach a bheadh ag teacht leis na tuairimí atá léirithe sa sliocht ó Seamus Heaney. Ach b'fhiú tagairt éigin fosta do na buntáistí praiticiúla a bhaineann leis an Ghaeilge maidir le fostaíocht srl. – na fáthanna gur chóir do dhaltaí an Ghaeilge a fhoghlaim – tuiscint ar ár bhféiniúlacht, ar ár gcultúr, ar ár litríocht, agus tuiscint ar ár bpobail Ghaeltachta, mar shampla.*

Aighneacht

Luaigh freagróirí eile an tábhacht a bhain le scóip agus fairsinge i Réasúnaíocht agus in Aidhm d'aon sonrúchán ábhair:

> *Is féidir na haidhmeanna a chur in oiriúint do gach saghas dalta... leathan go leor. Tá ar mhúinteoirí iad a chur in oiriúint.*

Ócáid chomhairliúcháin

Aithníodh go bhfuil tábhacht nach beag ag baint le tacaíochtaí (forbairt ghairmiúil leanúnach) agus acmhainní cuí a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile ionas go mbeidh ar a gcumas dul i ngleic le haidhmeanna an tsonrúcháin. Agus glacadh leis go bhfuil an sonrúchán seo an-difriúil ón seansiollabas agus dá réir go mbeidh mór-athrú de dhíth i dtaobh cuir chuige maidir le foghlaim agus teagasc na Gaeilge, i roinnt seomraí ranga, chun an fhís atá sna haidhmeanna seo a bhaint amach.

## Struchtúr an chúrsa

Cloíonn struchtúr an chúrsa mar a leagtar síos é sa dréacht-sonrúchán leis an gcur chuige atá molta d'fhorbairtí sonrúcháin sna hábhair uile sa tsraith shóisearach nua. Tá snáitheanna coiteanna in úsáid i leith shonrú Churaclam Teangacha na Bunscoile agus i leith shonrúchán an Bhéarla agus na Gaeilge sa tSraith Shóisearach d'fhonn cur le comhsheasmhacht an eispéiris don scoláire agus é ag foghlaim agus ag forbairt na dteangacha.

Dúirt freagróirí an tsuirbhé gur aontaigh nó gur aontaigh siad go láidir leis an méid seo a leanas:

- tá leagan amach an tsonrúcháin soiléir (61%)
- tá struchtúr soiléir leis na snáitheanna agus na gnéithe (58%)
- mínítear sa roinn 'Naisc' sa sonrúchán an chaoi a bhfuil an Ghaeilge nasctha le gnéithe lárnacha na foghlama agus an teagaisc sa tsraith shóisearach (67%)
- cuirtear achoimre áisiúil ar fáil sa roinn 'Forbhreathnú' sa sonrúchán ar an méid a ndéanfar staidéar air (55%).

Léiríonn scagadh ar an aiseolas ón suirbhé mar aon leis an ócáid chomhairliúcháin agus na grúpaí fócais éagsúla gur aontaigh formhór mór na bhfreagróirí go bhfuil an struchtúr éagsúil ach éifeachtach agus go bhfeictear dóibh go gclúdaítear na móreilimintí ann. Luaigh roinnt freagróirí go mbeadh sé inmholta dá leanfadh lucht na nua-theangacha eile an struchtúr seo freisin. Léiríodh dearcthaí dearfacha maidir leis an mbéim ar an gcur chuige comhtháite d'fhorfheidhmiú na snáitheanna agus na ngnéithe, ach leagadh béim ar an ngá tacú le múinteoirí agus iad ag dul i ngleic leis an struchtúr agus ag baint comhtháthú scileanna amach. Ar cheist leibhéal deacrachta teanga níor luaigh ach 20% de fhreagróirí an tsuirbhé gur aontaigh siad go raibh leibhéal na teanga deacair ach léiríonn anailísiú ar na freagraí ar an gceist áirithe seo go raibh líon ard de na freagróirí neodrach maidir leis an gceist (33%). Ón aiseolas a fuarthas ag an ócáid chomhairliúcháin agus sna grúpaí fócais léiríodh dearcthaí contráilte ar an gceist áirithe seo ach, ar an iomlán bhí níos mó tráchtaireacht dhearfach maidir le soléiteacht an doiciméid in aiseolas na rannpháirtithe.

*An-éasca do mhúinteoirí an doiciméad a léamh agus a láimhseáil*

Ócáid chomhairliúcháin

## Torthaí Foghlama

Aontaíodh go láidir go bhfuil na torthaí foghlama a chuirtear i láthair sna trí shnáithe oiriúnach d'fhorbairt na teanga ó bhéal, na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Cuireadh tacaíocht láidir

in iúl don bhéim a leagtar ar fhorbairt scileanna, idir scileanna teanga agus scileanna foghlama, ar fud an tsonrúcháin trí chéile. Mar sin féin, d'ainneoin gur cuireadh fáilte roimh an bhforbairt scileanna laistigh de shonrúcháin bunaithe ar thorthaí, cuireadh fíorimní in iúl maidir leis na torthaí foghlama. Féadfar an imní seo a rangú mar seo a leanas: an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir solúbthacht agus sainiúlacht na dtorthaí ar an gcéad dul síos. Ar an dara dul síos, an bhféadfadh an sonrúchán freastal ar an raon leathan inniúlachta i measc scoláirí Gaeilge laistigh de chomhthéacsanna iar-bhunscoileanna; tabharfar aghaidh níos mionsonraithe ar na pointí sin sna leathanaigh anseo a leanas.

Léirigh formhór na bhfreagraí a bhain le torthaí foghlama sa suirbhé ar líne go bhfuil na torthaí foghlama soiléir (63%), oiriúnach do scoláirí sa tsraith shóisearach (55%), agus nach bhfuil siad lag ó thaobh ábhair de (48%). Bhí beagnach 43% de na freagróirí den tuairim gur chuir na torthaí foghlama ar chumas scoláirí an Ghaeilge a thuiscint agus a léirmhíniú mar chuid d'oidhreacht na hÉireann.

Iarradh ar fhreagróirí an tsuirbhé ar líne freisin an méid a d'aontaigh siad leis na ráitis maidir le hoiriúnacht na dtorthaí foghlama a sonraíodh le forbairt scileanna na teanga ó bhéal (a chuimsíonn éisteacht agus labhairt), léitheoireachta agus scríbhneoireachta. Bhí freagraí ón suirbhé ar líne maidir le hoiriúnacht na dtorthaí foghlama laistigh de gach snáithe sách dearfach.

## Snáithe 1: Teanga ó Bhéal: Éisteacht agus Labhairt

Cuireadh tacaíocht láidir in iúl don bhéim a leagtar ar labhairt na teanga ar fud an tsonrúcháin trí chéile. Léirigh freagróirí an tsuirbhé ar líne gur aontaigh nó gur aontaigh siad go láidir le hoiriúnacht na dtorthaí foghlama laistigh de na trí ghné a thrasnaíonn a chéile (cumarsáid, ábhar, struchtúr agus úsáid na teanga agus an teanga i gcomhthéacs) chun tacú le forbairt na teanga ó bhéal i nGaeilge na Sraithe Sóisearaí mar seo a leanas:

- Cumarsáid: Éisteacht, Léitheoireacht, Labhairt, Scríbhneoireacht (67%)
- Ábhar, Struchtúr agus Úsáid na Teanga (64%)
- An Teanga i gComhthéacs (70%).

## Snáithe 2: Léitheoireacht

Bhí freagraí an-dearfach freisin maidir le hoiriúnacht na dtorthaí a chuirtear i láthair sa dréacht chun tacú le forbairt na léitheoireachta i nGaeilge na Sraithe Sóisearaí. D'aontaigh formhór na bhfreagróirí nó d'aontaigh siad go láidir leis na torthaí a sonraíodh chun na críche seo, mar seo a leanas:

- Cumarsáid: Éisteacht, Léitheoireacht, Labhairt, Scríbhneoireacht (68%)
- Ábhar, Struchtúr agus Úsáid na Teanga (68%)
- An Teanga i gComhthéacs (65%).

## Snáithe 3: Scríbhneoireacht

Maidir le snáithe na scríbhneoireachta, léirigh freagróirí gur aontaigh siad go bhfuil na torthaí foghlama a chuirtear i láthair sna trí shnáithe oiriúnach chun tacú le forbairt scileanna scríbhneoireachta i nGaeilge na Sraithe Sóisearaí, agus d'aontaigh formhór na bhfreagróirí go láidir:

- Cumarsáid: Éisteacht, Léitheoireacht, Labhairt, Scríbhneoireacht (70%)
- Ábhar, Struchtúr agus Úsáid na Teanga (67%)
- An Teanga i gComhthéacs (63%).

Léiríonn anailís ar fhreagraí na ngrúpaí fócais ag an ócáid chomhairliúcháin i dteannta thorthaí an tsuirbhé ar líne áfach nach bhfuiltear ar aon intinn faoin tsolúbthacht a chuireann na torthaí foghlama ar fáil agus go dteastaíonn sainiúlacht níos mó. Tháinig imní chun cinn i gcuid de na ceisteanna oscailte sa suirbhé agus le linn na tráchtaireachta ag an ócáid chomhairliúcháin maidir leis na dúshláin a d'fhéadfadh an oscailteacht seo a chruthú do mhúinteoirí atá ag úsáid nó ag spíonadh amach torthaí. Tá an tsaoirse a chuireann an oscailteacht i láthair tar éis imní a chruthú faoi bhogadh go rud nua, agus tá roinnt freagróirí agus rannpháirtithe ag lorg sainiúlacht níos mó dá bharr.

> *Some learning outcomes appear too aspirational and are too generalised; clear, concrete examples should be provided with examples of demonstrations*
>
> *[Tá cuid de na torthaí foghlama ró-uaillmhianach agus ginearálta; ba cheart samplaí soiléire, nithiúla a chur ar fáil le samplaí taispeántas]*

Múinteoir Gaeilge

> *An bhfuil dóthain tacaíochta ann do mhúinteoirí… an féidir é a chur i bhfeidhm sa seomra ranga?... naisc níos soiléire ag teastáil idir an cháipéis agus an seomra ranga*

Ócáid chomhairliúcháin

Ar an láimh eile, léirigh formhór na bhfreagróirí agus rannpháirtithe tacaíocht láidir don ardleibhéal solúbthachta a bhaineann leis an sonrúchán agus leis na torthaí mar a mionsonraíodh, agus thug siad le fios go bhfuil deiseanna ann mar gheall air chun gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc a chur in oiriúint do riachtanais agus do shuimeanna áitiúla.

*Sa tsaoirse atá leagtha síos ba chóir go mbeadh muid ábalta freastal ar éagsúlacht inniúlachta*

Ócáid chomhairliúcháin

*tá siad soiléir, téagartha, uaillmhianach. Ba chóir go mbeadh dréimire ann ach caithfidh an réimse a bheith leathan*

Ócáid chomhairliúcháin

*Tá an-chuid féidearthachtaí i gceist anseo. Tá an tsolúbthacht ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí ag an gcéad chéim seo de shainiú agus de dhearadh siollabais…*

Suirbhé ar líne

Ach aithníodh go bhfuil freagracht ag baint leis an tsaoirse agus an tsolúbthacht toisc go gcaithfear torthaí a chur in oiriúint agus a léirmhíniú ag leibhéal áitiúil ag brath ar an gcomhthéacs, mar a chuir roinnt rannpháirtithe in iúl ag an ócáid chomhairliúcháin. Shonraigh roinnt rannpháirtithe go raibh an tsolúbthacht sin ina cuid lárnach de shiollabas 1989, ach nár tapaíodh an deis sin ag leibhéal na scoile i gcónaí nó nár cuireadh fáilte roimpi.

Luadh go minic an tábhacht a bhaineann le ham, tacaíocht agus acmhainní chomh maith le forbairt ghairmiúil leanúnach leordhóthanach a chur ar fáil chun tacú le tabhairt isteach agus forfheidhmiú an tsonrúcháin i scoileanna, go háirithe maidir le spíonadh amach na dtorthaí foghlama.

*I think the roll out of in-service will be vital in providing for a change to the teaching methods*

*[Ceapaim go mbeidh tabhairt isteach céimneach inseirbhíse riachtanach don athrú ar mhodhanna teagaisc]*

Múinteoir Gaeilge

## Raon an tsonrúcháin

Léirigh freagróirí an tsuirbhé ar líne gur aontaigh nó gur aontaigh siad go láidir leis na gnéithe seo a leanas maidir le raon an tsonrúcháin. Maidir leis an dréacht-sonrúchán:

- cuireann sé dóthain solúbthachta ar fáil chun go mbeidh scoláirí rannpháirteach in obair ina bhfuil spéis acu (69%)
- méadaíonn sé na féidearthachtaí go mbeidh scoláirí níos rannpháirtí i dtascanna cumarsáideacha (80%)
- méadaíonn sé na deiseanna do scoláirí an teanga a shealbhú trí ghníomhaíochtaí réadúla agus taitneamhacha (60%)
- cuireann sé raon ar fáil chun freastal ar scoláirí d'inniúlachtaí éagsúla (43%).

Léiríonn anailís ar fhreagraí ón ócáid chomhairliúcháin agus ó ghrúpaí fócais scoláirí (dara agus tríú leibhéal) go rabhthas ar aon intinn go ginearálta faoi na chéad trí thoradh thuas, agus chuir go leor tráchtaireacht dhearfach in iúl gur chuir an dréacht-sonrúcháin deiseanna níos fearr ar fáil chun tabhairt faoi obair a spreagann spéis na scoláirí. Chuir scoláirí a bhí páirteach sna grúpaí fócais na scoláirí an-suim sna féidearthachtaí méadaithe le tabhairt faoi thascanna níos cumarsáidí. Dúirt go leor rannpháirtithe an rud céanna ag an ócáid chomhairliúcháin:

> *Emphasis on the oral has great potential*
> *[Tá an-fhéidearthacht ag an mbéim ar an teanga ó bhéal]*
>
> Príomhoide iar-bhunscoile

Mar sin féin, tháinig imní mhór chun cinn i dtéarmaí raon an tsonrúcháin fhoriomlán chun freastal ar réimse leathan na n-inniúlachtaí teanga laistigh de chomhthéacsanna iar-bhunscoile, agus ní dúirt ach 43% de na freagróirí ar an iomlán gur aontaigh siad go gcuireann an dréacht-sonrúchán raon ar fáil chun freastal ar scoláirí d'inniúlachtaí teanga éagsúla. Cuireadh tuairimí láidre agus frustrachas ina leith seo in iúl le linn plé ag an ócáid chomhairliúcháin agus sna freagraí oscailte sa suirbhé ar líne. I ndiaidh iniúchadh níos mine a dhéanamh air seo, is léir go bhfuil an-difríocht tuairime ann maidir leis an gceist seo idir na freagraí a tugadh ar leagan Gaeilge an tsuirbhé agus iad siúd a tugadh ar an leagan Béarla. Léirigh 64% de na freagróirí ar an leagan Gaeilge den suirbhé gur easaontaigh nó gur easaontaigh siad go láidir, agus dúirt 60% de na freagróirí ar an leagan Béarla den suirbhé gur aontaigh nó gur aontaigh siad go láidir leis an ráiteas. Tá sé tábhachtach an difríocht seo a nótáil, a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an ngrúpa páirtithe leasmhara níos éagsúla a d'fhreagair an leagan Gaeilge den suirbhé.

Rinneadh go leor plé ar an gceist seo agus chur páirtithe leasmhara éagsúla imní in iúl maidir le freastal ar inniúlachtaí éagsúla teanga laistigh den dréacht-sonrúchán. Forbraíodh an dréacht-sonrúchán agus an próiseas comhairliúcháin a lean é bunaithe ar an gCreat don tSraith Shóisearach (2012) inar tugadh breac-chuntas go ndéanfaí soláthar curaclaim don Ghaeilge ar bhonn sonrúchán amháin a chuirfí ar fáil ar an ngnáthleibhéal agus ar an ardleibhéal. Díríodh an comhairliúchán ar an dréacht-sonrúchán laistigh de na paraiméadair sin. Ach tháinig tráchtaireacht shuntasach chun cinn maidir leis an gceist an féidir le sonrúchán amháin ar dhá leibhéal, mar a léiríodh sa dréacht-sonrúchán, freastal ar riachtanais teanga na scoláirí Gaeilge ar fad, cainteoirí dúchais ina measc. Cuireadh tuairimí láidre in iúl ar an gceist seo, mar is léir uaidh seo a leanas:

> *Caithfear freastal ar an réimse iomlán foghlaimeoirí, cainteoirí dúchais san áireamh*

Ócáid chomhairliúcháin

> *Mura bhfuil spriocanna níos dúshlánaí d'fhoghlaimeoirí láidre caillfidh siad suim agus dóchas*

Tuismitheoir

> *Ní aontaítear gur féidir freastal ar na leibhéil chumais éagsúla laistigh de dhá leibhéal. Creidtear go dtiocfaidh ísliú ar an meánchaighdeán de bharr nach mbeidh gach dalta ag saothrú na Gaeilge (de réir na ráiteas foghlama) agus nach bhféadfadh dhá leibhéal freastal ar an réimse idir foghlaimeoirí le riachtanais foghlama bhreise agus cainteoirí dúchais*

Aighneacht

> *Sa tsaoirse atá leagtha síos ba chóir go mbeadh muid ábalta freastal ar éagsúlacht inniúlachta*

Ócáid chomhairliúcháin

> *Outcomes seemed aimed at L1 students in some places, high expectations… concern that the aims at higher level of proficiency… the spread of student ability needs to be recognised more throughout the specification…*
>
> *[Is cosúil go bhfuil na torthaí dírithe ar scoláirí T1 i roinnt áiteanna, ard-ionchais... imní faoi na haidhmeanna ag ardleibhéal inniúlachta... caithfear raon cumais na scoláirí a aithint níos mó ar fud an tsonrúcháin…]*

Príomhoide iar-bhunscoile

Aithnítear na comhthéacsanna dúshlánacha sochtheangeolaíochta agus aontaítear go ginearálta bunaithe ar an bhfianaise chomhairliúcháin go bhfuil gá leibhéal ard solúbthachta a choinneáil laistigh den soláthar. Ach is léir go dteastaíonn breithniúchán níos mó chun an réimse inniúlachtaí teanga a shainaithint agus chun freastal orthu, lena n-áirítear riachtanais na gcainteoirí dúchais, laistigh den soláthar curaclaim don Ghaeilge sa tsraith shóisearach. Tháinig roinnt moltaí faoin gcaoi a bhféadfaí freastal go héifeachtach ar an réimse éagsúil inniúlachtaí teanga chun cinn trí cheisteanna oscailte

agus plé ag an ócáid chomhairliúcháin. Cé nach rabhthas ar aon intinn faoin treo is oiriúnaí agus nár thángthas ar rogha chinnte dá bharr, cuireadh an méid seo a leanas in iúl go minic:

> *Moltar leibhéal breise, níos dúshlánaí a chur ar fáil. Ní hionann cás na Gaeilge agus cás an Bhéarla, cé go n-aithnítear go bhfuil foghlaimeoirí Béarla sna scoileanna*

Aighneacht

> *...níl an deis ag roinnt mhaith daltaí anois sealbhú iomlán a dhéanamh ar an nGaeilge mar a dhéantaí go traidisiúnta. Tá seans anois leis an siollabas nua an dúshlán seo a chur san áireamh agus tacú le gasúir na Gaeltachta an deis is iomláine agus is saibhre is féidir a chur ar fáil dóibh.*

Aighneacht

> *The spread of student ability needs to be recognised more thoroughly throughout the specification… literature and oral should differentiate between native and other learners. This differentiation should be more evident in the spec especially in the assessment section*
>
> *[Caithfear aitheantas níos cuimsithí a thabhairt do raon cumais na scoláirí ar fud an tsonrúcháin ar fad... ba cheart don litríocht agus don teanga ó bhéal idirdhealú a dhéanamh idir cainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí eile. Ba cheart go mbeadh an t-idirdhealú sin níos soiléire sa sonrúchán, go háirithe sa rannóg faoin measúnú]*

Príomhoide iar-bhunscoile

> *…gur cheart taighde iniúchta a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí leis an gcur chuige comhtháite sa churaclam bunscoile a fhorbairt le go mbeadh an cur chuige céanna á chur i bhfeidhm ag an dara leibhéal…*

Aighneacht

## An cur chuige i leith téacsanna a leagan síos

Iarraidh aiseolas ó fhreagróirí ar an suirbhé ar líne agus ó rannpháirtithe sna grúpaí fócais éagsúla ar an gcur chuige molta i leith téacsanna a leagan síos, mar seo a leanas:

Cuirfear deiseanna ar fáil do gach scoláire blaiseadh den litríocht a fháil (sa chiall is leithne) chun tacú lena gcuid foghlama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Chun tacú leis seo cuirfear dhá liosta de théacsanna ar fáil:

- liosta molta d'fhoghlaim na chéad bhliana le rogha ag an múinteoir/scoláirí maidir le téacsanna le tabhairt fúthu
- *téacsanna dualgais le gné roghnach inmheánach don dara agus don tríú bliain.*

Léirigh 54% de fhreagróirí an tsuirbhé ar líne gur aontaigh nó gur aontaigh siad go láidir go gcuireann an rogha oscailte sa chéad bhliain solúbthacht agus raon ar fáil chun freastal ar thaithí agus ar shuimeanna éagsúla na scoláirí. Maidir le leagan síos molta na dtéacsanna don dara agus don tríú bliain i nGaeilge na sraithe sóisearaí, léirigh formhór na bhfreagróirí ar an suirbhé gur aontaigh siad leis an gcur chuige molta agus chuir a bhformhór in iúl go gcuireann an cur chuige seo raon agus saoirse ar fáil chun téacsanna a roghnú atá oiriúnach do thaithí, do riachtanais agus do chomhthéacs na scoláirí. Ach is fiú céatadán na bhfreagróirí a thug freagra neodrach ar an dá cheist a thabhairt faoi deara anseo (23% ar an meán).

Athdhearbhaíonn anailís níos mine ar an tráchtaireacht a tugadh ar na ceisteanna oscailte ar an suirbhé agus ag an ócáid chomhairliúcháin agus grúpaí fócais éagsúla mórán den tacaíocht chéanna a chuirtear in iúl thuas. Aontaítear go láidir agus déantar go leor tráchtaireacht dhearfach maidir le rogha a thabhairt do mhúinteoirí agus do scoláirí chun téacsanna/saothair atá oiriúnach dá gcomhthéacs, suimeanna agus mar sin de a roghnú.

> *Is deas é go ligeann sé do rannpháirtíocht na scoláirí, agus é ar fad bunaithe ar chumas acadúil agus ar théacsanna leibhéal cumais. Ag féachaint dó sin, i ndiaidh téacs a léamh, agus inniúlacht a léiriú, féadfaidh an scoláire dul ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal léitheoireachta eile...*

Múinteoir Gaeilge

> *Ní foláir rogha a bheith ann*

Suirbhé ar líne

Bhí tacaíocht láidir ann don chinneadh "blaiseadh téacsanna/litríochta" a chur san áireamh do na scoláirí ar fad ag tabhairt faoi Ghaeilge na sraithe sóisearaí i measc rannpháirtithe sna grúpaí fócais agus i ngrúpaí fócais na scoláirí dara leibhéal freisin, cé gur aithin go leor rannpháirtithe an gá le hathbhreithniú rialta ar an ábhar:

> *Is dóigh liom gur maith an rud é go bhfuil an litríocht ar fáil do gach leibhéal (ní raibh riamh go dtí seo), caithfidh sé athrú go rialta, athbhreithniú le go mbeadh sé suas chun dáta, spreagúil, suimiúil*

Ócáid chomhairliúcháin

Luadh an fócas ar litríocht mar *fhoinse teagaisc* don teanga mar rud dearfach freisin, cé gur bhraith roinnt freagróirí gur theastaigh tuilleadh cíortha ar an mbéim níos mó ar an litríocht mar chleachtas sóisialta sa sonrúchán.

> *…tá gá béim a chur ar an litríocht mar chleachtas sóisialta anseo – rud a thiocfaidh go maith leis an mbéim ar an bpobal logánta agus ar an tsolúbthacht is gá*

Suirbhé ar líne

Mar sin féin, léiríonn scrúdú níos doimhne ar an tráchtaireacht tuairimí éagsúla maidir le gnéithe den chur chuige molta agus tháinig roinnt moltaí chun cinn, go háirithe i leith ábhar a bheadh feiliúnach agus oiriúnach do chainteoirí dúchais a chur ar fáil. Chreid roinnt freagróirí go gcuirfeadh an cur chuige molta solúbthacht ar fáil do scoileanna Gaeltachta chun foinsí áitiúla litríochta a roghnú a bheadh dúshlánach go leor do na scoláirí.

> *Thabharfadh an tsolúbthacht seo seans don scoil Ghaeltachta téacsanna litríochta ón gceantar a úsáid a bheadh dúshlánach don scoláirí*

Suirbhé ar líne

Ach chuir roinnt freagróirí agus rannpháirtithe imní in iúl nach nglacfadh scoileanna go hiomlán leis an tsaoirse ach go roghnóidís na roghanna a chúngú, ag roghnú téacsanna/saothair nach bhfuil chomh dúshlánach céanna dá réir.

> *buarthaí go gcúngófaí ar an tsaoirse…[atá leagtha síos anseo] go roghnóidh scoileanna Gaeltachta dul siar go dtí an rud níos fusa*

Ócáid chomhairliúcháin

Thagair roinnt freagróirí don obair thábhachtach a rinne COGG (an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta) sa réimse seo cheana féin. Tríd is tríd, bhíothas ar aon intinn gur cheart an tsamhail mholta chun téacsanna a leagan síos a úsáid ach rinneadh moladh láidir go mbeadh liosta difreáilte téacsanna san áireamh ann a d'fheilfeadh do chomhthéacsanna éagsúla scoile.

> *literature should differentiate between native and other learners*
>
> *[ba cheart don litríocht idirdhealú a dhéanamh idir cainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí eile]*

Príomhoide iar-bhunscoile

# Measúnú

Cé go ndearnadh go leor tráchtaireachta ar nádúr, ar fhoirm agus ar oiriúnacht na dtascanna measúnaithe scoilbhunaithe ag an ócáid chomhairliúcháin agus sna grúpaí fócais scoláirí, is fiú a thabhairt faoi deara nach raibh ach ráta freagartha 23% ag na ceisteanna a bhain le measúnú sa suirbhé ar líne. Agus an comhairliúchán á reáchtáil, tá plé ar bun idir comharchumainn na múinteoirí agus an Roinn Oideachais agus Scileanna ar ábhair chaidrimh thionsclaíoch, cuid díobh a bhaineann le cúrsaí measúnaithe. D'fhéadfadh go raibh tionchar aige sin ar rannpháirtíocht na bhfreagróirí sa chuid seo den suirbhé ar líne. Cuireadh dearcthaí contrártha in iúl ar a éifeachtaí a bheadh na comhpháirteanna measúnaithe ag measúnú fhoghlaim na scoláirí sa tsraith shóisearach. Bhí céatadán

ard de na freagróirí éiginnte, ach astu siúd a chuir tuairim in iúl, léirigh tromlach beag freagróirí i ngach cás go mbeadh na comhpháirteanna measúnaithe mar a leagtar amach iad éifeachtach:

- ag tacú leis an gcineál foghlama a theastaíonn ón réasúnaíocht a bhaint amach (36%)
- ag measúnú fhoghlaim na scoláirí i nGaeilge na sraithe sóisearaí (41%)
- ag taifeadadh fianaise ar fhoghlaim i nGaeilge na sraithe sóisearaí (37%).

Tháinig imní faoi chúrsaí ama, bainistíochta, inniúlacht teanga i measc múinteoirí, tacaíocht agus forbairt ghairmiúil leanúnach maidir le gnéithe measúnaithe chun cinn freisin.

> *Teastaíonn traenáil faoi leith ag múinteoirí chun an obair seo a chur i gcrích – conas a fhoghlaimíonn an cainteoir dúchais, cén chaoi le foghraíocht na Gaeilge a mhúineadh, saineolas a bheith acu maidir le gramadach na Gaeilge*

Suirbhé ar líne

Luadh imní agus breithniúcháin maidir le hoiriúnacht na dtascanna measúnaithe le húsáid i gcomhthéacsanna T1 go minic freisin. Bhí roinnt freagróirí den tuairim nach mbeadh na tascanna labhartha, mar atá molta faoi láthair, sách dúshlánach do chainteoirí dúchais agus chuir daoine eile imní in iúl nárbh iad tascanna ó bhéal go ginearálta na tascanna is oiriúnaí chun scoláirí i gcomhthéacsanna T1 a mheasúnú.

> *Caithfear na tascanna a dhíriú ar shainriachtanais an scoláire T1 nó T2*

Suirbhé ar líne

Go deimhin, luaigh rannpháirtithe go minic an gá atá le hidirdhealú níos mó maidir leis na tascanna measúnaithe chun freastal leordhóthanach agus oiriúnach ar an réimse inniúlachtaí teanga a chinntiú, agus mhol roinnt freagróirí agus rannpháirtithe soláthar mapála ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR). Moladh go bhfuil na gnéithe cáilíochta a bhaineann le gach tasc ró-uaillmhianach agus go dteastaíonn tuilleadh breithniúcháin orthu.

Léiríonn anailís ar an aiseolas ó gach foinse go leor tacaíochta do chomhpháirteanna labhartha an mheasúnaithe a mholtar go háirithe. Luaigh rannpháirtithe an fhéidearthacht a bhaineann leis na tascanna sin chun tacú le foghlaim agus forbairt inniúlacht teanga na scoláirí. Chuir na grúpaí fócais scoláirí (idir an dara leibhéal agus an tríú leibhéal) an-fháilte roimh na tascanna labhartha, agus léiríodh an-spéis sa tasc labhartha agus sa chomhrá idirghníomhach araon. Cuireadh fáilte roimh chuimsiú taighde ann, agus an rogha atá ag an scoláire maidir le hábhar agus meán an chuir i láthair. Mar sin féin luaigh go leor rannpháirtithe agus freagróirí gur gá a chinntiú go gcuireann na tascanna deiseanna *fíorchumarsáide* ar fáil.

*A bheith cúramach faoin ábhar réamhullmhaithe… foghlaim de ghlanmheabhair… go mbeadh smaoineamh ar an bpointe mar chuid den mheasúnú*

Ócáid chomhairliúcháin

Mhol roinnt freagróirí agus rannpháirtithe gur cheart go n-áireofaí turas go ceantar Gaeltachta i nGaeilge na sraithe sóisearaí.

*Oral tasks should be assessed with a completion of a trip to a Gaeltacht area*

*[Ba cheart tascanna labhartha a mheasúnú tar éis turas go ceantar Gaeltachta a chur i gcrích]*

Múinteoir Gaeilge

Luadh imní freisin faoi chomhleibhéal na dtascanna laistigh den chomhpháirt scoilbhunaithe. Sonraítear sa Chreat don tSraith Shóisearach (2012) go gcuirtear na comhpháirteanna scoilbhunaithe do gach ábhar ar fáil ar chomhleibhéal. Bhí roinnt mhaith daoine míshásta leis an gcur chuige sin.

Bhí freagra sách measctha ar an tasc scríofa, agus mhol roinnt rannpháirtithe go raibh an tasc ag teacht salach rud beag ar aidhm chumarsáideach an tsonrúcháin agus mhol siad go ndíreodh an chomhpháirt scoilbhunaithe ar thascanna cumarsáideacha/labhartha amháin. Ach mhol rannpháirtithe eile gur cheart gné scríofa a chuimsiú i gceann de na tascanna labhartha seachas an tasc a bhaint ar fad.

## Gearrchúrsa

Bhí an comhairliúchán seo ag díriú go sonrach ar an sonrúchán ábhair, ach tháinig tuairimí láidre chun cinn maidir leis an ngearrchúrsa breise don Ghaeilge le linn an phróisis. Tá an soláthar curaclaim (an sonrúchán ábhair) don Ghaeilge le saibhriú trí ghearrchúrsa breise, roghnach a chur ar fáil. Cuireadh meascán de dhearcthaí in iúl maidir leis seo agus léiríodh tuairimí láidir maidir le hoiriúnacht an ghearrchúrsa chun an soláthar curaclaim a fhairsingiú/a shaibhriú. Léirítear sin san fhianaise thíos:

*gur chóir an cinneadh gearrchúrsa roghnach breise a chur ar fáil do dhaltaí T1 a athbhreithniú… Molaimid go mbeadh trí leibhéal ann le riar ar an raon leathan cumais ó chainteoirí dúchais T1 go daltaí beag-chumais T2, agus go gcuirfí gearrchúrsa roghnach ann le riar ar ghnéithe eile den teanga (staidéar domhan ar an litríocht nó Gaeilge fheidhmeach don ionad oibre)*

Aighneacht

*Maidir leis an nGearrchúrsa, rogha a bheidh anseo do scoileanna agus gan aon mheasúnú seachtrach bainteach leis. Dá bharr sin, ní bheidh aon aitheantas aige ó Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Roghnóidh roinnt scoileanna é seo a dhéanamh agus ní roghnóidh scoileanna eile ach, pé rogha a dhéantar, ní réiteach é ar chúrsa mí-oiriúnach a bheith ann do scoláirí na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.*

Aighneacht

*…(is) beag dalta Gaeltachta a roghnódh a leithéid de chúrsa: laghdódh sin an líon ábhar tarraingteach eile a bheadh sé/sí in ann a roghnú... cén fáth a gcaithfí cúrsa breise a roghnú le hard-inniúlacht a bhaint amach: nár cheart sin a bheith i gceist le cúrsa maith iomlán ar aon nós?*

Aighneacht

*Very pleased with draft spec particularly the short course for literature and the single terminal assessment. The oral assessment represents an improvement on the current exam also.*

*[An-sásta leis an dréacht-sonrúchán, go háirithe an gearrchúrsa don litríocht agus an measúnú aonair deiridh. Léiríonn an measúnú béil feabhsúchán ar an scrúdú reatha freisin.]*

Múinteoir Gaeilge

## Réimse na nInniúlachtaí Teanga

Is é an príomhthéama a tháinig chun cinn ón gcomhairliúchán an tábhacht lárnach a bhaineann le freastal ar an réimse inniúlachtaí agus dul chun cinn teanga, cainteoirí dúchais san áireamh, laistigh den soláthar curaclaim i nGaeilge na sraithe sóisearaí. Cuirtear fáilte roimh an dréacht-sonrúchán ach is léir go dteastaíonn tuilleadh breithnithe maidir leis an mbealach is fearr le freastal ar riachtanais éagsúla foghlama teanga na scoláirí Gaeilge ar fad, lena n-áirítear cainteoirí dúchais, scoláirí i suíomhanna lán-Ghaeilge agus iad siúd i suíomhanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Tugtar le fios san aiseolas ar an gcomhairliúchán gur cheart an breithniú sin a fhairsingiú chuig an bhféidearthacht go bhforbrófaí sonrúcháin curaclaim T1 agus T2 ar leith. Leagadh béim san aiseolas freisin ar an tábhacht a bhaineann le solúbthacht áitiúil do chomhthéacsanna áitiúla.

*...ba cheart tús áite a thabhairt don tsolúbthacht maidir le teagasc agus le measúnú go háirithe... Is rud logánta é an curaclam Gaeilge ar deireadh thiar. Tá an curaclam lonnaithe go logánta sa scoil agus san fhoghlaimeoir. Ní mór é seo a chur san áireamh agus breis scóipe do na hinniúlachtaí éagsúla teanga agus do na cúlraí difriúla a chur san áireamh. Ní mór an comhleanúnachas idir taithí an fhoghlaimeora ar fhoghlaim na teanga sa bhunscoil a chur san áireamh sa tsolúbthacht chomh maith.*

Suirbhé ar líne

## Oideolaíocht, Foghlaim agus Teagasc

Baineann príomhthéama eile a tháinig chun cinn sa chomhairliúchán leis an gcur chuige i leith foghlama agus teagaisc a theastóidh chun an fhéidearthacht a chuireann an dréacht-sonrúchán i láthair a chur i bhfeidhm sa seomra ranga agus na gnéithe éagsúla a imríonn tionchar ar an oideolaíocht. Is féidir téama na hoideolaíochta, na foghlama agus an teagaisc a roinnt sna fothéamaí seo a leanas:

- cur chuige i leith foghlama agus teagaisc
- tacaíochtaí agus acmhainní nuálacha
- forbairt ghairmiúil leanúnach
- cothromaíocht measúnaithe.

## Cur Chuige i leith Foghlama agus Teagaisc

Bhí go leor cuir agus cúitimh ag baint leis an tábhacht a bhaineann le tacú le scoileanna agus múinteoirí chun glacadh le fís an dréacht-sonrúcháin agus í a chur i bhfeidhm ar feadh an phróisis ar fad. Luadh go bhfuil an dréacht-sonrúchán *very different from the old syllabus [an-difriúil ón seansiollabas]* agus go dteastóidh modheolaíochtaí agus cuir chuige dhifriúla teagaisc in go leor seomraí ranga chun a chinntiú go gcuirtear an fhís/aidhm i bhfeidhm, go háirithe maidir leis an seomra ranga mar *active communication space [spás gníomhach cumarsáide]*:

> *Tá gach rud ag dul sa treo ceart – an bhéim ar fheasacht teanga, ar an bhfeasacht foghlama agus ar na huirlisí úsáide. Tá spiorad lárnach an tsonrúcháin ar fáil ar lch 17 ina bhfuil an seomra ranga mar spás gníomhach cumarsáide le gníomhaíochtaí idirghníomhacha bunaithe ar phlé ar théacsanna. Feicim féidearthachtaí chun feabhais anseo. Tá an "fhís" nó an spreagadh seo an-tábhachtach dar liom agus is ceart é a choimeád os ár gcomhair. Níl rud ar bith a spreagann foghlaimeoirí ná dul chun cinn. Tá sé níos fusa teanga ar bith a shealbhú i suíomh nádúrtha an phobail teanga, agus an foghlaimeoir i mbun gnáthchaidrimh, ná ar scoil. Dá fheabhas í scoil ar bith, baineann dúshláin mhóra le teagasc teanga laistigh den seomra ranga, toisc go mbíonn an oiread sin toisí agus iaróga luaineacha i gceist go minic, ina measc: éirim, meon agus spéis an fhoghlaimeora, déine an inspreagtha, an curaclam agus measúnú, sprioc fhadtéarmach agus sprioc ghearrthéarmach an teagaisc agus na foghlama, cúlra agus stíl foghlama an fhoghlaimeora, srl. I gcás na Gaeilge mar chéad agus mar dhara teanga, mar a bhfuil pobal rábach forleathan labhartha in easnamh, bítear ag brath an-chuid ar an gcóras oideachais chun an teanga a sheachadadh ó ghlúin go glúin chun inmharthanacht na teanga a dheimhniú.* ***Mar sin spás inchreidte aiceanta cumarsáide atá ag teastáil don seomra ranga****. [béim curtha leis]*
>
> Suirbhé ar líne

Dúradh freisin go bhfuil ról ag oideachas tosaigh múinteoirí maidir le tacú le glacadh le cur chuige nua oideolaíoch.

## Tacaíochtaí agus acmhainní nuálacha

Dhírigh go leor den phlé ar sholáthar agus ar infhaighteacht acmhainní teicneolaíochta nuálacha chun tacú le foghlaim, teagasc agus measúnú na Gaeilge mar a mholtar sa dréacht-sonrúcháin. Bhí go leor freagróirí agus rannpháirtithe ag lorg níos mó sonraí faoin ábhar tacaíochta freisin.

*Leagann an dréachtphlean don siollabas nua an bhéim is mó ar chothú muiníne, spreagadh, misniú agus cumasú cainteoirí. Tá na haidhmeanna seo uasal agus inmholta ach is mar bharrmhianta i ndoiciméad a fhanfaidh said gan bealaí praiticiúla chun iad a fheidhmiú… ó tharla go bhfuil ceannairí oideachais ag éileamh misnigh agus muiníne ó na foghlaimeoirí óga nach dual go mbeadh na tréithe céanna inbhraite i gcur chuige an tsiollabais nua. Is anois an t-am roinnt smaointeoireacht radacach a thógáil isteach i múineadh agus foghlaim na Gaeilge*

Aighneacht

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Tháinig tábhacht lárnach sholáthar na forbartha gairmiúla leanúnaí chun tacú le tabhairt isteach agus forfheidhmiú an tsonrúcháin don Ghaeilge chun cinn mar théama. Cé gur cuireadh roinnt imní in iúl faoi inniúlacht teanga roinnt múinteoirí Gaeilge, moladh go mbainfeadh tairbhe le níos mó deiseanna a chur ar fáil chun páirt a ghlacadh i gcomhráite agus i líonraí gairmiúla, chomh maith le deiseanna breisfhorbartha. Ar an láimh eile, d'aithin go leor rannpháirtithe gur ann do dhea-chleachtas agus cuir chuige in go leor scoileanna agus seomraí ranga, a leagann béim ar an ngá atá le deiseanna a chur ar fáil le dea-chleachtas a roinnt agus tógáil ar na cleachtais agus taithí sin.

*De bharr gur athrú mór an Dréacht-Sonrúchán ó thaobh cur chuige de, go háirithe leis an bhéim ar mheasúnú leanúnach agus ar an chumarsáid (Gaeilge labhartha), … [tá] sé an-tábhachtach go gcuirfear clár oiliúna cuimsitheach ar fáil do mhúinteoirí, lena chinntiú go mbeidh said cumasaithe lena modheolaíocht a chur in oiriúint do riachtanais an churaclaim, agus foghlaim na Gaeilge a dhéanamh spreagúil agus taitneamhach. Bheadh sé an-tábhachtach fosta deiseanna forbartha a chur ar fáil dóibh le cur lena gcaighdeán Gaeilge le go mbeidh said ábalta an Ghaeilge a úsáid mar theanga teagaisc agus chumarsáide sa seomra ranga agus sa scoil go ginearálta.*

Aighneacht

## Measúnú

Tháinig measúnú chun cinn mar fhothéama laistigh den chomhairliúchán. Dhírigh go leor den tráchtaireacht ar na féidearthachtaí agus dúshláin a bhaineann leis na comhpháirteanna measúnaithe scoilbhunaithe. Aithnítear an tábhacht atá leis na haidhmeanna a bheith ar aon dul leis na comhpháirteanna measúnaithe, idir scoilbhunaithe agus deiridh, agus a bheith á léiriú iontu, i dtéarmaí tionchar dearfach a imirt ar chuir chuige oideolaíochta sa seomra ranga chun deiseanna níos fearr cumarsáide a chur ar fáil.

# 3. Impleachtaí an chomhairliúcháin

Ba léir ón gcomhairliúchán go gcuirtear fáilte roimh go leor de na gnéithe den dréacht-sonrúchán. Dhearbhaigh an próiseas comhairliúcháin go mór obair Mheitheal Forbartha na Gaeilge de chuid an CNCM le haghaidh na Sraithe Sóisearaí. Breathnaíonn an chuid seo den tuarascáil ar na chéad chéimeanna eile atá le tógáil ar chuid de na ceisteanna a tarraingíodh anuas.

Léiríodh imní shuntasach sa chomhairliúchán faoi ghnéithe áirithe den sonrúchán a dteastóidh go leor breithniú breise orthu. Tabharfar aird freisin ar fhorbairtí ábhartha eile, lena n-áirítear *Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta*, a ndearna an Roinn Oideachais agus Scileanna breac-chuntas air le deireanaí.

Beidh na réimsí seo a leanas ina measc siúd a ndéanfar breithniú suntasach breise orthu:

- iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar chumas an tsonrúcháin freastal ar réimse iomlán inniúlacht agus chumas teanga na scoláirí. Áireofar le plé ina leith sin, i measc nithe eile, iniúchadh ar sholáthar ar leith do T1 agus T2
- cur leis an leanúnachas d'fhoghlaimeoirí teanga ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil
- athbhreithniú a dhéanamh ar an Réasúnaíocht chun é a dhéanamh níos ábhartha, níos beaichte agus ailínithe go soiléir i gcomhthéacs fhoghlaim na Gaeilge
- féidearthachtaí agus dúshláin a bhaineann le mapáil ar an CEFR a bhreithniú
- tús a chur le forbairt samplaí d'obair scoláirí agus d'fhoghlaim agus teagasc a chabhróidh le múinteoirí na torthaí foghlama a léirmhíniú agus a dhíphacáil
- athbhreithniú a dhéanamh ar na gnéithe cáilíochta.

## Conclúid

Baineadh go leor tairbhe as an bpróiseas comhairliúcháin a thug neart faisnéise. Cé nach raibh go leor múinteoirí in ann páirt a ghlacadh ann an uair seo, caithfear leibhéal rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara éagsúla ó réimse an-leathan a aithint agus tá an CNCM buíoch as an aiseolas saineolach oscailte, macánta, tiomanta agus bunaithe ar thaithí a fuarthas.

Mar a bhí i gceist leis an gcomhairliúchán tosaigh ar an bpáipéar cúlra, bhunaigh an comhairliúchán seo go bhfuil an-tábhacht ag baint le tacú le múinteoirí agus iad ag plé le dúshláin agus le hathruithe oideolaíochta a d’fhéadfadh a bheith os a gcomhair nuair atá an sonrúchán á chur i bhfeidhm má táthar chun aidhmeanna agus fís an tsonrúcháin a bhaint amach. Ach, leagadh béim láidir freisin sa chomhairliúchán ar an tábhacht a bhaineann le leanúnachas d’fhoghlaimeoirí Gaeilge ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil, agus díríodh aird ar an ngá le féidearthachtaí a fhiosrú tuilleadh le haghaidh idirdhealú níos mó i bhfoghlaim, i dteagasc agus i measúnú d’fhoghlaimeoirí Gaeilge i gcomhthéacsanna T1 agus T2 araon.

Aguisín 1

Ceistneoir Ar Líne (Gaeilge)

**An Réamhrá**

Is é aidhm an phróisis seo dearcthaí múinteoirí/tuismitheoirí/scoláirí agus páirtithe leasmhara a fháil faoin dréacht-sonrúchán do Ghaeilge na sraithe sóisearaí. Baileofar aiseolas ón suirbhé seo, ó ócáid comhairliúcháin (12 Márta) agus ó chruinnithe dírithe don chomhairliúchán seo.

Ba mhór ag CNCM do chuid aiseolais agus cuirfidh an t-aiseolas seo bonn eolais faoi obair Mheitheal Forbartha na Gaeilge. Léigh an dréacht-sonrúchán atá ar fáil anseo. Ansin comhlánaigh an ceistneoir seo a mhéad is féidir, ach ná bíodh aon drogall ort aon mhír nach mbaineann leat a fhágáil gan freagra.

## Sonraí an Rannpháirtí

***1. Táim ag freagairt mar ...**

- Mhúinteoir Gaeilge
- Mhúinteoir Neamh-Ghaeilge (Iar-bhunscoil)
- Mhúinteoir Bunscoile
- Phríomhoide / Leas-Phríomhoide (Iar-bhunscoil)
- Phríomhoide / Leas-Phríomhoide (Bunscoil)
- Scoláire dara leibhéal
- Mhac léinn tríú leibhéal
- Thuismitheoir / Chaomhnóir
- Oideoir múinteoirí
- Mhúinteoir réamhsheirbhíse
- Léachtóir / Thaighdeoir tríú leibhéal
- Eile

Other (please specify)

**2. Táim ag freagairt thar ceann ... (más cuí)**

**3. Cineál Scoile (más cuí)**

- Meánscoil dheonach
- Pobalscoil
- Scoil chuimsitheach
- Gairmscoil
- Coláiste pobail
- Eile
- Eile (sonraigh)

Other (please specify)

**4. Ar ghlac tú páirt sa chomhairliúchán ar an bpáipéar Cúlra do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí?**

- Ghlac
- Níor ghlac

**5. Má thugann tú d'ainm agus do sheoladh ríomhphoist dúinn, d'fhéadfaimis aiseolas leantach a fháil uait ar shaincheisteanna áirithe a ardaíonn tú. Ach ní luafar ainm ar bith le sonraí an tsuirbhé agus cinnteoimid nach luafar aon dearcadh a léiríonn tú leatsa ná le do scoil agus nach dtuairisceofar air i mbealach ar bith a d'fhéadfadh tú féin nó do scoil a aithint.**

Ainm

Seoladh ríomhphoist

Eile (sonraigh)

**6. Más eagraíocht tú agus más mian leat go bhfoilseofaí ainm d'eagraíocht mar aon leis an aighneacht mar chuid den chomhairliúchán seo, comhlánaigh na sonraí thíos, le do thoil**

Ainm an rannpháirtí

Ainm na hEagraíochta

## Eolas Ginearálta

Sa chuid seo den suirbhé, iarrfaimid ort do thuairim a léiriú ar an gcaoi a mbraitheann tú ar an iomlán faoin dréacht-sonrúchán

### 7. Léirigh an méid a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas:

| | Easaontaim go láidir | Easaontaim | Neodrach | Aontaim | Aontaim go láidir |
|---|---|---|---|---|---|
| Tugtar cuntas soiléir sna ranna 'Réasúnaiocht' agus 'Aidhm' ar an méid a theastaionn ón socrúchán a bhaint amach | | | | | |
| Tá leagan amach an tsonrúcháin mishoiléir | | | | | |
| Minitear sa roinn 'Naisc' sa sonrúchán an chaoi a bhfuil an Ghaeilge nasctha le gnéithe lárnacha na foghlama agus an teagaisc sa tsraith shóisearach | | | | | |
| Cuirtear achoimre áisiúil ar fáil sa roinn 'Forbhreathnú' sa sonrúchán ar an méid a ndéanfar staidéar air | | | | | |
| Tá struchtúr soiléir leis na snáitheanna agus gnéithe | | | | | |
| Tá na Torthai Foghlama soiléir | | | | | |
| Tá an teanga deacair le tuiscint | | | | | |
| Cuirtear tuiscint mhaith ar fáil sa roinn 'Measúnú' ar éilimh measúnaithe Ghaeilge na sraithe sóisearai | | | | | |

## Réasúnaíocht agus Aidhm

Dréachtaíodh an Réasúnaíocht agus an Aidhm do Ghaeilge na sraithe sóisearaí chun machnamh a dhéanamh ar chuspóirí Ghaeilge na sraithe sóisearaí agus chun iad a fhormhíniú

### 8. Féadfaidh rannpháirtíocht scoláirí i nGaeilge na sraithe sóisearaí mar a leagtar amach sa dréacht-sonrúchán le haghaidh Ghaeilge na sraithe sóisearaí a bheith...

- ...an-éifeachtach chun scoláirí a spreagadh le braistint taitneamhachta a fhorbairt i leith úsáid na Gaeilge
- ...éifeachtach chun scoláirí a spreagadh le braistint taitneamhachta a fhorbairt i leith úsáid na Gaeilge
- ...mí-éifeachtach chun scoláirí a spreagadh le braistint taitneamhachta a fhorbairt i leith úsáid na Gaeilge
- ...an-mhí-éifeachtach chun scoláirí a spreagadh le braistint taitneamhachta a fhorbairt i leith úsáid na Gaeilge

### 9. Féadfaidh rannpháirtíocht scoláirí i nGaeilge na sraithe sóisearaí mar a leagtar amach sa dréacht-sonrúchán le haghaidh Ghaeilge na sraithe sóisearaí a bheith...

- ...an-éifeachtach chun scoláirí a spreagadh le príomhscileanna a fhorbairt, scileanna litearthachta agus uimhearthachta san áireamh
- ...éifeachtach chun scoláirí a spreagadh le príomhscileanna a fhorbairt, scileanna litearthachta agus uimhearthachta san áireamh
- ...mí-éifeachtach chun scoláirí a spreagadh le príomhscileanna a fhorbairt, scileanna litearthachta agus uimhearthachta san áireamh
- ...an-mhí-éifeachtach chun scoláirí a spreagadh le príomhscileanna a fhorbairt, scileanna litearthachta agus uimhearthachta san áireamh

### 10. Féadfaidh rannpháirtíocht scoláirí i nGaeilge na sraithe sóisearaí mar a leagtar amach sa dréacht-sonrúchán le haghaidh Ghaeilge na sraithe sóisearaí a bheith...

- ...an-éifeachtach chun scoláirí a chumasú níos mó muiníne agus inniúlachta a fhorbairt i labhairt na teanga
- ...éifeachtach chun scoláirí a chumasú níos mó muiníne agus inniúlachta a fhorbairt i labhairt na teanga
- ...mí-éifeachtach chun scoláirí a chumasú níos mó muiníne agus inniúlachta a fhorbairt i labhairt na teanga
- ...an-mhí-éifeachtach chun scoláirí a chumasú níos mó muiníne agus inniúlachta a fhorbairt i labhairt na teanga

### 11. Féadfaidh rannpháirtíocht scoláirí i nGaeilge na sraithe sóisearaí mar a leagtar amach sa dréacht-sonrúchán le haghaidh Ghaeilge na sraithe sóisearaí a bheith...

- ...an-éifeachtach chun scoláirí a mhealladh chun braistint léirthuisceana a fhorbairt i leith na teanga
- ...éifeachtach chun scoláirí a mhealladh chun braistint léirthuisceana a fhorbairt i leith na teanga
- ...mí-éifeachtach chun scoláirí a mhealladh chun braistint léirthuisceana a fhorbairt i leith na teanga
- ...an-mhí-éifeachtach chun scoláirí a mhealladh chun braistint léirthuisceana a fhorbairt i leith na teanga

## Rannpháirtíocht

Cuireadh béim (san aiseolas ón gcomhairliúchán ar an bpáipéar cúlra agus ón bpróiseas forbartha go dtí seo) gur gá rannpháirtíocht foghlaimeoirí sa Ghaeilge agus an taitneamh a bhaineann siad aisti a fheabhsú. San áireamh anseo freisin luadh gur gá don sonrúchán freastal ar scoláirí ar leibhéil éagsúla inniúlachta teanga.

### 12. Léirigh an méid a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas:

| | Easaontaim go láidir | Easaontaim | Aontaim | Aontaim go láidir |
|---|---|---|---|---|
| Cuireann an dréacht-sonrúchán dóthain solúbthachta ar fáil chun go mbeidh scoláirí rannpháirteach in obair ina bhfuil spéis acu | ○ | ○ | ○ | ○ |
| Méadaíonn an dréacht-sonrúchán na féidearthachtaí go mbeidh scoláirí níos rannpháirtí i dtascanna cumarsáideacha | ○ | ○ | ○ | ○ |
| Méadaíonn an dréacht-sonrúchán na deiseanna do scoláirí an teanga a shealbhú trí ghníomhaíochtaí réadúla agus taitneamhacha | ○ | ○ | ○ | ○ |
| Cuireann an dréacht-sonrúchán scóip ar fáil chun freastal ar scoláirí d'inniúlachtaí éagsúla teanga | ○ | ○ | ○ | ○ |

Tabhair breac-chuntas ar aon dearcadh eile atá agat anseo, más mian leat

## Struchtúr an Chúrsa – Snáitheanna agus Gnéithe

Sa sonrúchán do Ghaeilge na sraithe sóisearaí dírítear ar fhorbairt na teanga agus na litearthachta trí thrí shnáithe chomhtháite: An Teanga ó bhéal: lena gcuimsítear Éisteacht agus Labhairt, an Léitheoireacht agus an Scríbhneoireacht

### 13. Snáithe 1: An Teanga ó bhéal: Éisteacht agus Labhairt

**Léirigh an méid a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas maidir le hoiriúnacht na dtorthaí foghlama chun tacú le forbairt na teanga ó bhéal i nGaeilge na Sraithe Sóisearaí do gach aon ghné.**

| | Easaontaim go láidir | Easaontaim | Aontaim | Aontaim go láidir |
|---|---|---|---|---|
| Cumarsáid – éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht | ○ | ○ | ○ | ○ |
| Ábhar, struchtúr agus úsáid na teanga | ○ | ○ | ○ | ○ |
| An teanga i gcomhthéacs | ○ | ○ | ○ | ○ |

Tráchtaireacht Bhreise

### 14. Snáithe 2: An Léitheoireacht

**Léirigh an méid a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas maidir le hoiriúnacht na dtorthaí foghlama chun tacú le forbairt na léitheoireachta i nGaeilge na Sraithe Sóisearaí do gach aon ghné.**

| | Easaontaim go láidir | Easaontaim | Aontaim | Aontaim go láidir |
|---|---|---|---|---|
| Cumarsáid – éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht | ○ | ○ | ○ | ○ |
| Ábhar, struchtúr agus úsáid na teanga | ○ | ○ | ○ | ○ |
| An teanga i gcomhthéacs | ○ | ○ | ○ | ○ |

Tráchtaireacht Bhreise

**15. Snáithe 3: An Scríbhneoireacht**

**Léirigh an méid a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas maidir le hoiriúnacht na dtorthaí foghlama chun tacú le forbairt na scríbhneoireachta i nGaeilge na Sraithe Sóisearaí do gach aon ghné.**

| | Easaontaím go láidir | Easaontaím | Aontaím | Aontaím go láidir |
|---|---|---|---|---|
| Cumarsáid – éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht | ○ | ○ | ○ | ○ |
| Ábhar, struchtúr agus úsáid na teanga | ○ | ○ | ○ | ○ |
| An teanga i gcomhthéacs | ○ | ○ | ○ | ○ |

Más mian leat aon tráchtaireacht bhreise a thabhairt maidir leis an gcaoi a bhféadfaí an dréacht-sonrúchán a leagan amach, tabhair anseo thíos í

## Torthaí Foghlama

### 16. Léirigh an méid a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas:

### Tá na torthaí foghlama sa dréacht-sonrúchán...

| | Easaontaim go láidir | Easaontaim | Neodrach | Aontaim | Aontaim go láidir |
|---|---|---|---|---|---|
| ...oiriúnach do scoláirí na Gaeilge sa tsraith shóisearach<br>Cén fáth? | ○ | ○ | ○ | ○ | ○ |
| ...lag ó thaobh ábhair de<br>Cén fáth? | ○ | ○ | ○ | ○ | ○ |
| ...mishoiléir sa chaoi a ndéantar cur síos ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ba cheart do na scoláirí a bheith in ann a chur i láthair<br>Cén fáth? | ○ | ○ | ○ | ○ | ○ |
| ...ag tacú le scoláirí agus iad ag forbairt a scileanna teanga agus foghlama araon<br>Cén fáth? | ○ | ○ | ○ | ○ | ○ |
| ...ag cur ar chumas scoláirí an Ghaeilge a thuiscint agus a léirmhíniú mar chuid d'oidhreacht na hÉireann<br>Cén fáth? | ○ | ○ | ○ | ○ | ○ |

## Measúnú

Tá dhá chomhpháirt measúnaithe i nGaeilge na sraithe sóisearaí: an Chomhpháirt Scoil-bhunaithe agus an Measúnú Deiridh.
Léiríodh sa chomhairliúchán ar an bpáipéar Cúlra:

- gur cuireadh fáilte, ar an iomlán, roimh an bhféidearthacht go n-áireofar modhanna éagsúla measúnaithe
- gur cheart béim níos mó a chur ar inniúlacht na teanga ó bhéal a mheasúnú

**17. Úsáid an scála 5 phointe seo (1 = an-mhí-éifeachtach, agus 5 = an-éifeachtach) chun rátáil a dhéanamh ar a éifeachtaí is a bheidh na comhpháirteanna measúnaithe mar a leagtar amach sa dréacht-sonrúchán iad...**

| | Rátáil |
|---|---|
| ...ag tacú leis an gcineál foghlama a theastaíonn ón réasúnaíocht a bhaint amach | |
| ...ag measúnú fhoghlaim na scoláirí i nGaeilge na sraithe sóisearaí | |
| ...ag taifeadadh fianaise ar fhoghlaim i nGaeilge na sraithe sóisearaí | |

Tabhair breac-chuntas ar aon dearcadh eile atá agat maidir leis na comhpháirteanna measúnaithe, más mian leat

**18. Maidir leis na tascanna measúnaithe (tasc labhartha/comhrá idirghníomhach agus tasc scríofa) sa chomhpháirt scoil-bhunaithe do Ghaeilge na sraithe sóisearaí.**

**Úsáid an scála 5 phointe seo (1 = an-mhí-éifeachtach, agus 5 = an-éifeachtach) chun rátáil a dhéanamh ar oiriúnacht na dtascanna seo ar fad chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim na scoláirí i nGaeilge na sraithe sóisearaí.**

| | Rátáil |
|---|---|
| Tasc labhartha | |
| Comhrá idirghníomhach | |
| Tasc scríofa | |

Sonraigh an tasc agus moil feabhsúcháin sa spás thíos, más mian leat

**19. Maidir le líon molta na dtascanna measúnaithe sa chomhpháirt scoil-bhunaithe do Ghaeilge na sraithe sóisearaí, roghnaigh ceann amháin de na ráitis seo a leanas:**

- ○ Tá líon na dtascanna nach mór ceart
- ○ Creidim gur cheart go mbeadh níos lú tascanna ann
- ○ Creidim gur cheart go mbeadh níos mó tascanna ann

Más mian leat aon tráchtaireacht bhreise a thabhairt maidir leis an measúnú i nGaeilge na sraithe sóisearaí, tabhair anseo thíos í

## Cur chuige i leith téacsanna a leagan síos

Cuirfear deiseanna ar fáil do gach scoláire blaiseadh den litríocht a fháil (sa chiall is leithne) chun tacú lena gcuid foghlama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Chun tacú leis sin cuirfear dhá liosta de théacsanna ar fáil.

*Liosta molta d'fhoghlaim na chéad bhliana le rogha ag an múinteoir/scoláirí maidir le téacsanna le tabhairt fúthu

*Téacsanna dualgais le gné roghnach inmheánach don dara agus don tríú bliain

**20. Cuireann an rogha oscailte sa chéad bhliain solúbthacht/scóip ar fáil chun freastal ar thaithí agus ar shuimeanna éagsúla na scoláirí**

- ○ Aontaím go láidir
- ○ Aontaím
- ○ Neodrach
- ○ Easaontaím
- ○ Easaontaím go láidir

Tráchtaireacht bhreise maidir leis an litríocht agus an cur chuige i leith téacsanna dualgais

**21. Cuireann an rogha inmheánach sa liosta dualgais don dara agus don tríú bliain scóip agus saoirse ar fáil chun téacsanna a roghnú atá oiriúnach do thaithí/do chomhthéacsanna/do riachtanais na scoláirí**

- ○ Aontaím go láidir
- ○ Aontaím
- ○ Neodrach
- ○ Easaontaím
- ○ Easaontaím go láidir

Tráchtaireacht bhreise maidir leis an Litríocht nó leis an gcur chuige i leith téacsanna dualgais

## Moltaí le haghaidh feabhsúcháin

**22. Ar cheart réimsí áirithe sa sonrúchán a leasú dar leat?**

- Ba cheart
- Níor cheart

Má chreideann tú gur cheart, sonraigh an réimse/na réimsí, mínigh an chúis a dteastaíonn na hathruithe sin, agus mol feabhsúchán ar an réimse sin sa sonrúchán.

**23. Sa roinn deiridh seo, iarraimid ort dearcadh a chur in iúl maidir le scóip an tsonrúcháin agus maidir lena impleachtaí do scoláirí agus do mhúinteoirí. Féadfaidh tú aon tráchtaireacht ghinearálta eile atá agat a thabhairt anseo freisin.**

## Míle buíochas

Táimid an-bhuíoch díot as an gceistneoir seo a chomhlánú. Ná déan dearmad 'Submit' a bhrú nuair atá tú réidh.

Foilseofar achoimre ar na torthaí ar shuíomh idirlín CNCM ag deireadh an chomhairliúcháin.

# Aguisín 2

## Aighneachtaí scríofa

- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- Conradh na Gaeilge
- Fóram Chois Fharraige um Phleanáil Teanga
- Foras na Gaeilge
- Gaelscoileanna Teoranta
- Mícheál Ó Foighil, Stiúrthóir Choláiste Lurgan

# Aguisín 3

## Liosta de na heagraíochtaí/forais a ndearnadh ionadaíocht orthu ag an Ócáid Chomhairliúcháin

- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha
- Coláiste Lurgan
- Coláiste na bhFiann
- Conradh na Gaeilge
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Coláiste Hibernia, Baile Átha Cliath
- Institiúid na gComhairleoirí Treorach
- An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST)
- Scoil an Oideachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit
- Tuismitheoirí na Gaeltachta

# Aguisín 4

## Ceisteanna don ghrúpa fócais

1. Céard a cheap tú faoin dréacht-sonrúchán ar dtús?
2. Céard é do thuairim faoin Réasúnaíocht agus faoin Aidhm mar atá leagtha amach sa dréacht-sonrúchán?
3. Céard é do thuairim faoi Struchtúr an Chúrsa mar atá leagtha amach sa dréacht-sonrúchán?
4. Cén chaoi a bhféadfadh an dréacht-sonrúchán freastal ar scoláirí de gach inniúlacht teanga?
5. Céard é do thuairim faoi na Torthaí Foghlama mar atá leagtha amach?
6. An bhfuil na tascanna measúnaithe ailínithe leis na haidhmeanna luaite agus feiliúnach do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí?
7. Cén chaoi a gcuireann an cur chuige molta maidir le téacsanna dualgais raon ar fáil chun freastal ar thaithí dhifriúil agus ar shuimeanna difriúla na scoláirí?

NCCA